# Ag baint sult as leabhair le do leanbh

(1 – 3 bliana d'aois)

## Leabhair a roghnú i gcomhair do linbh

Taitníonn leabhair éagsúla le linbh óga, leabhair atá bunaithe ar ghnáthnósanna laethúla san áireamh. Léigh an leabhar tú féin ar dtús le cinntiú go mbainfidh do leanbh sult as. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh leabhar scanrúil faitíos ar pháiste amháin ach go dtaitneodh sé go mór le páiste eile. Tá cur amach agatsa ar na rudaí a thaitníonn agus nach dtaitníonn le do pháiste!

Téigh sa tóir ar scéalta atá gearr, éasca a thuiscint agus a thugann deis duit labhairt le do naíonáin faoi bhur saol teaghlaigh. B'fhéidir go mbeadh an leabhar bunaithe ar pháistí agus teaghlaigh cosúil le bhur gceann féin, ach is minic a úsáidtear ainmhithe agus carachtair shamhailteacha i leabhair do naíonáin chun an éagsúlacht a bhíonn i gceist le taithí saoil gach páiste a léiriú.

Roghnaigh leabhair éagsúla le haghaidh amanna éagsúla sa lá. Bíonn go leor sceitimíní i gceist le leabhair idirghníomhacha ina mbíonn rudaí i bhfolach sna pictiúir nó ina mbíonn ort doirse beaga a oscailt. Tugann leabhair a bhfuil rím, amhráin agus athrá iontu deis a bheith ag canadh agus ag cantaireacht le chéile, agus oirfidh scéalta sólásacha agus suaimhneasacha d'am luí.

## Ag spreagadh naíonáin le héisteacht agus le bheith gníomhach

Is maith le naíonáin páirt a ghlacadh i ngach rud; fan i do thost ar feadh tamaill agus lig do do pháiste frása a chríochnú nó rím a rá ó scéal atá léite aige/aici cheana. Chomh maith leis an scéal a léamh, caith roinnt ama ag féachaint ar na pictiúir agus ag labhairt fúthu.

Taitníonn sé le naíonáin na leathanaigh a chasadh agus aird a tharraingt ar rudaí. Cuir ceisteanna, mar shampla Cá bhfuil...? An féidir leat an... a aimsiú?

Caithfidh tú aird do naíonáin a tharraingt le do 'ghuth léitheoireachta'; mar sin athraigh tuin do chuid cainte agus bí ag géimneach, ag tafann agus bípeál má dhéantar amhlaidh sa scéal!

Uaireanta bogann naíonáin thart agus tú ag léamh, ach ná bí buartha - b'fhéidir go bhfuil siad ag bogadh ach tá siad fós ag éisteacht.



## Gnáthaimh léitheoireachta roimh am luí

Is am deas é am luí chun scéal bog a roinnt; mar sin is maith an smaoineamh é an léitheoireacht a bheith mar chuid den ghnáthamh am luí. Roghnaigh scéalta nach bhfuil chomh hidirghníomhach sin don oíche agus léigh i nguth deas, suaimhneach. Thar aon ní eile, bain sult as a bheith ag léamh le chéile!

## Leabharliosta do naíonáin

Tá leabharliosta curtha le chéile ag an Dr Mary Roche (comhairleoir oideachais agus údar ar '*Developing Children's Critical Thinking through Picturebooks*') a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar do naíonáin. Tá go leor leabhair eile ar fáil; téigh ag tochailt i rannóg na naíonán sa leabharlann áitiúil le haghaidh smaointe eile. B'fhéidir go dtaitneodh cuid mhaith de na leabhair ar an leabharliosta do leanaí le naíonáin óga agus beidh suim ag naíonáin atá beagáinín níos sine i gcuid de na leabhair ar an liosta do pháistí óga.

| | |
|---|---|
| **Alfie series of books** (2011) le Shirley Hughes | **Spot Loves His Daddy** (2005) le Eric Hill |
| **All Fall Down** (1999) le Helen Oxenbury | **Spot Loves His Mummy** (2006) le Eric Hill |
| **Are You My Mother?** (1998) le P.D. Eastman | **The Biggest Kiss** (2011) le Joanna Walsh |
| **Bear and Hare Go Fishing** (2014) le Emily Gravett | **The Lonely Beast** (2011) le Chris Judge |
| **Brown Bear, Brown Bear, What Do You See?** (2012) le Bill Martin | **The Napping House** (2000) le Audrey agus Don Wood |
| **Can't You Sleep Little Bear?** (1988) le Martin Waddell | **The Perfect Hug** (2012) le Joanna Walsh |
| **Corduroy** (1976) le Don Freeman | **The Ravenous Beast** (2003) le Niamh Sharkey |
| **Counting Kisses: a Kiss and Read Book** (2003) le Karen Katz | **The Very Hungry Caterpillar** (2009) le Eric Carle |
| **Fox's Socks** (2011) le Julia Donaldson | **Time for Bed** (1997) le Mem Fox |
| **Zeki Gets a Check up** (2021) le  Anna McQuinn | **We're Going on a Bear Hunt** (1997) le Michael Rosen |
| **Zeki Loves Daddy** (2021) le Anna McQuinn | **Where Are Maisy's Friends?** (2010) le Lucy Cousins |
| **Zeki Loves Mummy** (2021) le Anna McQuinn | **Babaí Cathal: Lá Nua** (2019) le Ane Paradis |
| **Owl Babies** (1975) le Martin Waddell | **Dainín - Bog Chun Siúil** (2018) le Tadhg Mac Dhonnagái |

| | |
|---|---|
| **Pat the Bunny** (2001) le Dorothy Kunhardt | **No More Nappies: A Potty Training Book** (2018) le Campbell Books |
| **Penguin** (2007) le Polly Dunbar | **Fruits** (2019) le Valerie Bloom |
| **Postman Bear** (2011) le Julia Donaldson | **Red, Red, Red** (2020) le Polly Dunbar |
| **Rabbit's Nap** (2011) le Julia Donaldson | **Catch That Chicken** (2021) le Atinuke |
| **Rosie's Walk** (2009) le Pat Hutchins | **Bedtime With Ted** (2017) le Sophy Henn |
| **Say Goodnight** (1999) le Helen Oxenbury | **Playtime With Ted** (2017) le Sophy Henn |
| **One Fox** (2019) le Kate Read | **Teatime with Ted** (2018) le Sophy Henn |
| **Lulu's First Day** (2019) le Anna McQuinn | **Where's Mr Fire Engine?** (2021) le Ingela P Arrhenius |
| **Lulu Gets a Cat** (2017) le Anna McQuinn | **Where's Mr Lion?** (2017) le Ingela P Arrhenius |
| **Lulu's Sleepover** (2021) le Anna McQuinn | **Pop Up Park** (2019) le Ingela P. Arrhenius |
| **Grumpy Duck** (2018) le Joyce Dunbar | **The Flute** (2019) le Ken Wilson – Max agus Catell Ronca |
| **Little Owl, Little Owl, Can't you Sleep?** (2018) le Jo Lodge | **Tree: A Peek-Through Board Book** (2016) le Britta Teckentrup |
| **Are You a Cow?** (2012) le Sandra Boynton | **I Can, Can You?** (2004) le Marjorie Pitzer |
| **Everybody Has Feelings** (2021) le Jon Burgerman | **Sleep Tight, Teddy!** (Chatterboox Series) (2018) le Jo Byatt |
| **My Hair** (2020) le Danielle Murrell Cox | **All the Ways to be Smart** (2020) le Davina Bell |

